

# Cinedhíothú in Darfur -
# Bileoigín & Cárta Poist le haghaidh Roinn 2, Ceist 1.




## In ionad cinedhíothú a chaoineadh, cad é mar rud é dá bhféadfaimís cinedhíothú a CHOSC?

## Agus cad a bheidh le rá ag an stair mar gheall orainn mura gcuirimid cosc leis?

Tá an fichiú haois ciaptha ag taibhsí na milliún d'íobartaigh neamhurchóideacha an chinedhíothaithe ar theip ar an domhan iad a chosaint.

**Agus iad siúd nach ndearna faic, is ar bhonn an méid ar thug siad faillí ann a thabharfar breith orthu.**

Anois le breacadh an aonú haois is fiche, tá cinedhíothú nua ag teacht chun cinn i réigiún Darfur in iarthar na Súdáine.

**Tá beagnach 3 bliana ann ó thosaigh an foréigean agus leanann an t-ár i gcónaí.**

**Tá an chumhacht againn cosc a chur leis. Ach ní foláir dúinn gníomhú láithreach bonn, sula mbeidh sé ródhéanach.**
Tar éis an chinedhíothaithe in Ruanda, dúirt an Seanadóir Paul Simon, *"Dá bhfaigheadh gach feisire de chuid an Tí agus an tSeanaid 100 litir ó dhaoine sa bhaile, á rá go gcaithfear rud éigin a dhéanamh mar gheall ar Ruanda, is dóigh liom gur scéal eile ar fad a bheadh ann."*

Comhlánaigh agus sínigh an cárta poist atá ag dul leis seo, le do thoil, agus seol chuig an Uachtarán Bush é, agus iarr freagra. Iarracht bheag nach mairfeadh ach cúpla nóiméad, ach é a mhéadú faoi mhilliún agus a dhíriú ar an aon bhunteachtaireacht amháin, d'fhéadfadh go rachadh sé chun leasa na milliúin daoine.

**Is féidir a thuilleadh a dhéanamh agus níos mó a fhoghlaim i dtaobh cúrsaí in Darfur agus i dtaobh cad ba cheart do S.A.M. a dhéanamh chun iad a athrú ach cuairt a thabhairt ar**
**www.MillionVoicesForDarfur.org.**

Déan inniu é ionas nach mbeidh náire orainn féachaint orainn féin sa scáthán amárach.



## A Uachtarán Bush, a chara,

I rith na chéad bhliana agat sa Teach Bán, scríobh tú ar imeall tuairisce i dtaobh chinedhíothú Ruanda, "ní tharlódh sin dá mbeinnse i bhfeighil cúrsaí." Áitím ort beart a dhéanamh de réir do bhriathair agus úsáid a bhaint as cumhacht na hoifige a bronnadh ort chun tacaíocht a thabhairt d'fhórsa ilnáisiúnta níos cumhachtaí chun muir Darfur a chosaint.
*Dá mba mhaith leat teachtaireacht phearsanta a chur leis seo, scríobh anseo í le do thoil.*

PRIONTÁIL D'AINM, LE DO THOIL

R-PHOST (PRIONTÁIL GO SOILÉIR, LE DO THOIL)

SEOLADH (SRÁID)

SEOLADH (CATHAIR, STÁT, CÓD)


SÍNIGH ANSEO, LE DO THOIL

DO THEACHTAIREACHT

Seol ar ais, le do thoil, chuig: 2120 L Street NW, Suite 600, Washington, DC 20037

Athchóirithe ón www.MillionVoicesForDarfur.org

# Duaiseanna an Chomhshaolaí Óig - Bileog le haghaidh Roinn 2, Ceist 2.



# Ag Caitheamh Vóta ag 16 bliana d'aois - Alt Nuachtáin le haghaidh Roinn 2, Ceist 3.

# Caithfear an aois vótála a ísliú chun go mbeidh guth mar is cóir ag an aos óg

Mícheál Mac Lochlainn

Ba chóir go mbeadh ról lárnach ag daoine óga i ngach cinneadh a mbíonn tionchar aige ar a saol agus go gcloisfí a bhfuil le rá acu i dtaobh imeachtaí uile an tsaoil a mhinice agus is féidir .

Ach an mbeidh ar chumas daoine óga glacadh lena leithéid de fhreagracht? Nach bhfuil an baol ann, go ndéanfaidh siad cinntí amaideacha agus ar bhonn aineolais? Luadh na hargóintí céanna i dtaobh cead vótála a thabhairt do mhná agus dóibh siúd a raibh 18 mbliana bainte amach acu.

Ba thaitneamhach an deis a tugadh dom le déanaí a bheith in éineacht le grúpa daoine óga a bhí ag dul go dtí an Ghinéiv faoi scáth an Chomhaontais um Chearta Leanaí chun bualadh le Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Cé gur bhain méid áirithe oibre agus ama, gan amhras, leis mar ghnó agus mé ag tionlacan grúpa daoine mar iad, ba é an t-aon uair nach raibh aon chúram orm ná nuair a bhí na daoine óga ag labhairt go díreach leis an gcoiste mar gheall ar a saol féin – cé eile ach iad féin, ar ndóigh, is fearr a thuig an scéal seo.

Níor chóir gur i gcinntí faoi chúrsaí conspóideacha íogaire amháin a bheadh daoine óga rannpháirteach; tá gnáthchúrsaí an lae díreach chomh tábhachtach céanna. I réimse an oideachais, is léir nach bhfuil i gcomhairlí na mac léinn ach an tús: is iontu is túisce a chuirtear an bonn faoi dhaoine óga a bheith i gcomhpháirtíocht lena gcuid múinteoirí agus lena dtuismitheoirí. Córais iompair poiblí, póilíneacht, tithíocht, cánacha – cén fáth a leagfá síos teorainn? Go dtí go dtabharfar cead vótála ag 16 bliana d'aois, ní bheidh tionchar mar is cóir ar an tsochaí ná rannpháirtíocht iomlán i ndéanamh cinntí ag daoine óga.

*Tá Mícheál Mac Lochlainn ina Stiúrthóir ar na Seirbhísí Lárnacha le hObair Ógra Éireann agus ina bhall de bhord an Chomhaontais um Chearta Leanaí.*

*Athchóirithe ón mbunalt a foilsíodh in **The Irish Times**, Dé Luain, 28 Meitheamh 2006.*

# Éire na bPavee - Póstaer le haghaidh Roinn 2, Ceist 4.

## Éire na bPavee

Lá Idirnáisiúnta
in aghaidh an chiníochais
21 Márta




*"Ní thagann margáil i gceist i gcás Cearta Daonna; mar sin, ní bhíonn an praghas a chaitheann daoine a íoc ó am go ham chun na cearta seo a chosaint riamh ró-ard."*
Thomas McCann
gníomhaí um Chearta an Lucht Siúil

### Seo baill de phobal an Lucht Siúil a bhfuil a gcion féin déanta acu ar mhaithe le pobal na hÉireann i gcoitinne.

**Mickey Dunne**, píobaire, déantóir píob
**Pecker Dunne**, ceoltóir
**Muintir Keenan, John** (athair) **Johnny, Paddy** agus **Brendan**
**Muintir Furey, Ted** (athair) **Eddie, Finbar, Paul** agus **George**

**Margaret Barry**, amhránaí
**Cathy Maguire**, amhránaí
**John Doherty**, fidléir
**Jemmy Byrne**, píobaire
**Felix Doran**, píobaire
**John Cash**, píobaire
Muintir Choileáin, feadóg stáin, bosca ceoil

**Tom Stokes**, comhairleoir i Longfort
**Ellen Morgan**, comhairleoir i Maigh Eo
**Martin Ward**, comhairleoir i nGaillimh
**Martin Collins**, Coimisinéir um Chearta Daonna

**Frankie Barrett**, dornálaí Oilimpeach
**Anthony McDonagh**, cumhachtardaitheoir, Gaillimh
**Michael Collins**, aisteoir
**Declan Joyce**, scriptscríbhneoir, SAM
**Rosaleen McDonagh**, drámadóir

**Catherine Joyce**
**Nan Joyce**
**Thomas McCann**
**Chrissie Ward**
**Davey Joyce**

**Maureen Ward**
**Marie Joyce**
**Chrissie Sullivan**
**Michael McDonagh**
**Winnie McDonagh**

mar aon le mórchuid eile

Foilsithe ag Pavee Point Travellers' Centre,
Mórshráid Shéarlais Thuaidh, Baile Átha Cliath 1. Teil: 01 8780255

Dearadh agus ealaín - Pat Pidgeon